


# Bord Síochána Trump

Eochairfhocail: idirghabháil, cinedhíothú, agóidíocht, eagraíochtaí, comhlacht árachais, urraíocht

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén áit ar sheol Donald Trump go hoifigiúil an Bord Síochána atá bunaithe aige?
2. Cad ba mhaith le Trump go ndéanfadh an Bord amach anseo?
3. Cad a dúirt an Taoiseach Mícheál Máirtín maidir le ról na hÉireann sa Bhord?
4. Cad a bhí ar siúl ag eagraíochtaí ar son na Palaistíne taobh amuigh de Pháirc an Chrócaigh inniu?
5. Cad atá ag tarlú i nGaza faoi láthair i dtuairim Sheáin Uí Mhathúna?
6. An gceapann Karen Dervan go bhfuil ról tábhachtach á imirt ag Cumann Lúthchleas Gael i sochaí na hÉireann?
7. Cad a bheadh ag tosú ag an deireadh seachtaine?
8. Ainmnigh an dá chontae a luann an tuairisceoir a bheadh ag imirt in aghaidh a chéile i bPáirc an Chrócaigh ag an deireadh seachtaine?
9. Cad é an cinneadh atá glactha ag peileadóirí agus ag iománaithe Bhaile Átha Cliath maidir le Allianz?
10. Ag labhairt le do pháirtí ranga, cad a cheapann sibh faoin mbaint atá ag Allianz le Cumann Lúthchleas Gael? Cad ba cheart do Chumann Lúthchleas a dhéanamh, dar libh? Ar cheart deireadh a chur leis an ról atá ag Allianz le Cumann Lúthchleas Gael?



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: críochnaigh an abairt

| | |
|---|---|
| Is comhlacht mór | ceisteanna fós le freagairt mar gheall ar Bord Síochána Trump |
| Is é Allianz príomh-urraitheoir | á dhéanamh ag Iosrael ar mhuintir na Palaistíne i nGaza |
| Bhunaigh an tUachtarán Donal Trump | Chumann Lúthchleas Gael |
| Tá an-amhras ann i measc | mó an spéis atá ag Cumann Lúthchleas Gael i gcúrsaí gnó ná i ndaoine atá ag |
| Ceapann an Taoiseach go bhfuil a lán | i bPáirc an Chrócaigh |
| Tá an lucht agóidíochta ar son na Palaistíne den tuairim gur | shraitheanna peile agus iománaíochta Chumann Lúthchleas Gael |
| Tá sé i gceist ag peileadóirí agus ag iománaithe na hardchathrach | idirnáisiúnta árachais é Allianz |
| Imríodh an cluiche peile idir Baile Átha Cliath agus Dún na nGall | na bpolaiteoirí in Éirinn maidir le Bord Síochána Trump |
| Ceapann a lán daoine go bhfuil cinedhíothú | seasamh a ghlacadh agus agóid bheag dá gcuid féin a dhéanamh |
| Tá caidreamh ládir idir Allianz agus | Bord Síochána le déanaí |
| Is í Páirc an Chrócaigh ceanncheathrú | Iosrael |

## Idirghníomhaíocht Labhartha agus Scríbhneoireachta

**Iarrann an múinteoir ort féin agus ar do pháirtí ranga, na hargóintí ar son agus in aghaidh chinneadh Chumann Lúthchleas Gael gan deireadh a chur le hurraíocht Allianz ar na sraitheanna peile agus iománaíochta a bhreacadh síos. Is leor trí argóint an taobh a scríobh síos.**

1)

2)

3)

## Freagraí

1. Davos, san Eilvéis
2. Idirghabháil sa choimhlint i nGaza agus idirghabháil i gcoimhlintí éagsúla idirnáisiúnta
3. Go raibh ceisteanna go leor fós le freagairt agus gur cheart machnamh a dhéanamh sula nglacfadh Éire páirt sa Bhord
4. Ag agóidíocht agus ag impí ar Chumann Lúthchleas Gael an nasc le Allianz a bhriseadh
5. Cinedhíothú
6. Deir sí go bhfuil an-tábhacht ag baint le CLG ó thaobh staire, féiniúlachta agus cultúir na hÉireann de
7. Sraitheanna peile agus iománaíochta Allianz
8. Baile Átha Cliath agus Dún na nGall
9. Gan seasamh os comhair fógraí a bhaineann le Allianz le linn agallaimh teilifíse agus a leithéid

- Is comhlacht mór idirnáisiúnta árachais é Allianz
- Is é Allianz príomh-urraitheoir  Chumann Lúthchleas Gael
- Bhunaigh an tUachtarán Donal Trump Bord Síochána le déanaí
- Tá an-amhras ann i measc  na bpolaiteoirí in Éirinn maidir le Bord Síochána Trump
- Ceapann an Taoiseach go bhfuil a lán ceisteanna fós le freagairt mar gheall ar Bord Síochána Trump
- Tá an lucht agóidíochta ar son na Palaistíne den tuairim gur mó an spéis atá ag Cumann Lúthchleas Gael i gcúrsaí gnó ná i ndaoine atá ag fulaingt
- Tá sé i gceist ag peileadóirí agus ag iománaithe na hardchathrach  seasamh a ghlacadh agus agóid bheag dá gcuid féin a dhéanamh
- Imríodh an cluiche peile idir Baile Átha Cliath agus Dún na nGall i bPáirc an Chrócaigh
- Ceapann a lán daoine go bhfuil cinedhíothú á dhéanamh ag Iosrael ar mhuintir na Palaistíne i nGaza
- Tá caidreamh ládir idir Allianz agus Iosrael
- Is í Páirc an Chrócaigh ceanncheathrú shraitheanna peile agus iománaíochta Chumann Lúthchleas Gael